2024/2488

19.9.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2488 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2024

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'PsychedeliCare' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 6086)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Iúil 2024 rinneadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'PsychedeliCare' a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Is iad aidhmeanna an tionscnaimh mar a chuir na heagraithe in iúl iad, a iarraidh ar an gCoimisiún 'rochtain chothrom thráthúil inacmhainne shábháilte dhlíthiúil a fhothú ar theiripí nuálacha sícideileach-chúnta'. Déanann na heagraithe na haidhmeanna sin a shainiú a thuilleadh, trí thrí chuspóir. Leis an gcéad chuspóir, iarrtar ar an gCoimisiún 'tacú le comhdhearcadh saineolaithe a bhunú maidir le caighdeáin cúraim shícideiligh, agus tacaíocht shíceolaíoch, oiliúint teiripeoirí, treoirlínte eiticiúla agus bearta sábháilteachta san áireamh, chun leathadh amach sábháilte éifeachtach teiripí sícideileacha a chinntiú' agus chun 'tacú le hiarrachtaí fothaithe acmhainneachta le haghaidh cláir oiliúna ildisciplíneacha maidir leis an meabhairshláinte, cláir atá deartha go sonrach le haghaidh oiliúint teiripe sícideilí do sholáthraithe cúraim sláinte'. Tríd an dara cuspóir, iarrann na heagraithe ar an gCoimisiún 'borradh a chur faoin taighde arna mhaoiniú ag an Aontas ar fheidhmiú teiripeach cógas leighis sícideileach chun an fhianaise maidir lena sábháilteacht agus lena n-éifeachtúlacht a neartú' agus 'tacú le forbairt líonraí taighde lena ndíreofar ar theiripí nuálacha'. Leis an tríú cuspóir, iarrtar go nglacfaí comhsheasaimh laistigh d'fhóraim na Náisiún Aontaithe chun tacú le rialacháin thrasnáisiúnta phragmatacha fhorásacha maidir le comhdhúile sícideileacha, agus moltaí iomchuí a dhéanamh maidir le comhdhúile sícideileacha a athsceidealú i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha (1971)'.

(3) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tugtar tuilleadh sonraí maidir le hábhar, cuspóirí agus cúlra an tionscnaimh. Luaitear ann 'géarchéim mheabhairshláinte san Aontas' agus 'nach bhfreagraíonn suas le 50 % de na hothair do na cóireálacha síciatracha atá ar fáil faoi láthair'. Mínítear san iarscríbhinn go bhfuil 'cnuasach fianaise eolaíche ann atá ag dul i méid a léiríonn éifeachtacht teiripí sícideileach-chúnta' agus meastar inti gur cheart don Choimisiún 'cur leis an móiminteam sin chun an creat dlíthiúil agus na riochtaí sláinte a bhunú go réamhghníomhach chun drugaí sícideileacha a úsáid i dteiripí san Aontas'. Iarrann na heagraithe, dá réir sin, go dtabharfaí aitheantas 'do shainiúlachtaí uathúla na dteiripí sícideileacha agus dá n-acmhainneacht freastal ar riachtanais arda nach bhfuiltear ag freastal orthu maidir le riochtaí meabhairshláinte agus neamhoird a bhaineann le húsáid substaintí', rud, dar leo, 'a chuireann ualach ar dhaoine aonair, ar chórais cúraim sláinte, ar shochaithe agus ar gheilleagair'.

(4) Maidir leis an gcéad chuspóir den tionscnamh, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí chun tacú le leathadh amach sábháilte agus éifeachtach teiripí sícideileacha bunaithe ar Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), fad nach gcuireann sé sin isteach, i gcomhréir le hAirteagal 168(7) CFAE, ar inniúlacht na mBallstát i réimse aisíocaíocht cógas nó teiripí.

(5) Maidir leis an dara cuspóir den tionscnamh, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a thíolacadh chun borradh a chur faoin taighde arna mhaoiniú ag an Aontas ar fheidhmiú teiripeach cógas leighis sícideileach chun fianaise maidir lena sábháilteacht agus lena n-éifeachtúlacht a neartú, bunaithe ar Airteagal 182 CFAE.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj.

(6) Ar deireadh, maidir leis an tríú cuspóir, d'fhéadfadh an Coimisiún, bunaithe ar Airteagal 218(9) CFAE, moladh a thíolacadh le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena mbunófar an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais maidir le comhdhúile sícideileacha i gcomhlachtaí na Náisiún Aontaithe arna chur ar bun le comhaontú lena nglactar gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

(7) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(8) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha nithiúla substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(9) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(10) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha le luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná leis na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'PsychedeliCare' a chlárú.

(12) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar aon bhealach go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é an grúpa eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus é sin amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'PsychedeliCare'.

Airteagal 2

Tá an cinneadh seo dírithe ar an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'PsychedeliCare', grúpa a bhfuil Théo GIUBILEI agus Flavio CANDELI ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán